

KÍOR THUATHAIL

JEAN-CLAUDE IZZO

Sa Fhraincis in 1995, faoin teideal *Total Khéops*, a foilsíodh an chéad eagrán den leabhar seo. Is in 2017 a foilsíodh an chéad eagrán Gaeilge.

© Éditions Gallimard, Paris, 1995
Aistriúchán Gaeilge © Leabhar Breac, 2017

ISBN 978-1-911363-40-8

Gach ceart ar cosnamh. Ní ceadmhach aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh, a chur i gcomhad athfhála, ná a tharchur ar aon mhodh ná slí, bíodh sin leictreonach, meicniúil, bunaithe ar fhótachóipeáil, ar thaifeadadh nó eile, gan cead a fháil roimh ré ón bhfoilsitheoir.

Clóchur, dearadh agus pictiúr clúdaigh: Caomhán Ó Scolaí
Clódoireacht: Clódóirí Lurgan



Tugann Foras na Gaeilge tacaíocht airgid do Leabhar Breac



Foras na Gaeilge

Leabhar Breac, Indreabhán, Co. na Gaillimhe.
www.leabharbreac.com

BROLLACH

Rue des Pistoles,
tar éis fiche bliain

Ní raibh aige ach an seoladh. Rue des Pistoles, sa seanbhaile. Bhí blianta ann ó bhí sé in Marseille go deireanach. An turas seo ní raibh an tarna rogha aige.

An tarna lá de Mheitheamh, lá fliuch. In ainneoin na báistí ní raghadh an tacsáí isteach in aon chúlsráid. Bhí air léim amach os comhair Montée-des-Accoules. Thart ar chéad céim le dreapadh ansan aige agus coinicéar eile sráideanna. Bhí málaí bruscair caite ar fud na háite, iad stractha agus boladh géar ag éirí aníos astu, meascán den bhfual, den taise agus den gcaonach liath. Athrú mór amháin, áfach, ab ea an t-athchóiriú a bhí déanta ar an gceantar. Leagadh an-chuid tithe. Péinteáladh mórán eile, ócar nó dath an róis anois orthu agus comhlaí uithne nó gorma mar a bheadh san Iodáil.

Ní raibh ach leath Rue des Pistoles anois ann, nó beagán le cois, b'in taobh na n-uimhreacha cothrom, is í ar na sráideanna ba chaoile orthu ar fad. Leagadh go talamh an

taobh corr i dteannta tithe Rue Rodillat. Carrchlós a bhí anois ina n-áit agus b'ín a bhí os a chomhair amach nuair a chaith sé cúinne Rue du Refuge. Caithfidh gur stop na forbróirí ansiúd. Ní raibh le feiscint ach tithe dorcha, na fallaí ag scamhadh agus plandaí ó na draenacha á gcreimeadh.

Bhí a fhios aige go maith go raibh sé róluath. Ach ní raibh fonn dá laghad air bheith suite ag ól caife i mbistró éigin, ag faire ar an gclog, go mbeadh sé in am Lole a dhúiseacht. Ba bhreá leis caife ceart, é ina shuí go cluthar in árasán deas. Níor tharla a leithéid le tamall. Nuair a d'oscail sí an doras, dhein sé caol díreach ar an aon chathaoir uilleach a bhí sa seomra, mar a dhéanfadh sé sa bhaile. Leag sé lámh ar an dtaca, shuigh síos go mall agus dhún a shúile. D'fhéach sé uirthi ina dhiaidh san. Tar éis fiche bliain.

Bhí sí ar a cosa. Seasamh díreach, mar ba dhual di. A dhá lámh go doimhin i bpócaí an róba folctha a bhí ar dhath na tuí. Chaith an dath geal luisne chrónbhuí ina grua agus maise ar an bhfolt gearr ciardubh. Bhraith sé go raibh na cromáin chun feola aici, ach ní raibh sé cinnte. I mbun a méide a bhí sí anois, ach fós mar an gcéanna. Lole, an Ghiofóg. Álainn, mar a bhí riamh.

‘Ba bhreá liom caife.’

Chroith sí a ceann. Í fós ina tost, gan fiú amháin miongháire aisti. Bhí sé tar éis í a dhúiseacht. Í a dhúiseacht as taibhreamh ina raibh sí féin agus Manu ag tiomáint ceann ar aghaidh i dtreo Sevilla, gan bhuaire faoin spéir orthu, a bpócaí lán. An taibhreamh céanna i gcónaí. Ach bhí Manu marbh anois. Le trí mhí anuas.

Luigh sé siar sa chathaoir agus shín sé amach a chosa. Las sé toitín, an ceann ab fhearr a chaith sé le tamall, gan aon dabht faoi.

‘Bhí a fhios agam go dtiocfá.’ Thug Lole an cupán dó. ‘Ach ní chomh luath seo.’

‘Fuairéas traein i lár na hoíche. Traein lán de *légionnaires*. Gan puinn seiceála. Í níos sábháilte.’ Ní air a bhí sí ag féachaint, ach san áit a raibh Manu.

‘Níl tú chun suí?’

‘Is fearr liom seasamh agus mé ag ól caife.’

‘Ní bhfuairis fón ó shin?’

‘Ní bhfuair.’

Tháinig aoihb uirthi. Ar an bpointe, thit cuma an chodlata di. Díbríodh an taibhreamh. D'fhéach sí go dubhach air. Bhí tuirse agus imní air. An eagla chéanna a bhíodh air tráth. Ba mhaith leis Lole a bheith fiosrach, fosc uirthi ag lorg míniú uaidh. D'fhág an tost go raibh an saol curtha in ord acu. Anois díreach agus go deo.

Fuair sé boladh cumhra an mhismín. D'fhéach sé thart ar an seomra. Bhí sé mór go leor, fallaí nochta bána. Gan seilf, ornáid ná leabhar. Ní raibh mar throsacán ann ach na bunrudaí; bord, cathaoireacha agus cófra nach raibh ag teacht lena chéile, agus leaba amháin in aice fuinneoige. Doras an tseomra leapa ar oscailt. Bhí radharc éigin aige ar an leaba. Braillíní gorma gan chóiriú. Ní raibh aon chur amach anois aige ar chumhracht na hoíche. Coirp. Cumhracht Lole. Bhíodh boladh an bhasail óna hascaillí le linn suirí. Na súile dúnta aici. D'fhéach sé arís ar an leaba faoin bhfuinneog.

‘Féadfaidh tú codladh ansiúd.’

‘Ba dheas liom codladh anois díreach.’

Níos déanaí chonaic sé í ag gluaiseacht trasna an tseomra. Ní raibh tuairim aige cén fhad a d'fhan sé ina chodladh. Bheadh air bogadh chun féachaint ar a uaireadóir. Ach ní raibh aon fhonn air é sin a dhéanamh. B'fhearr leis a bheith ag féachaint ar Lole ag teacht is ag imeacht. Na súile leathdhúnta. Bhí sí tar éis teacht ón seomra folctha agus í cuachta istigh i dtuáille mór a bhí caite thairsti. Ní raibh sí an-ard. Ach bhí

gach aon chuid di díreach mar ba chóir. Cosa breátha uirthi. Thit a chodladh arís air. Gan eagla air a thuilleadh.

Gheal an lá. Gúna dubh cadáis gan mhuinchillí a bhí ar Lole. É módhúil, ach ag teacht go haoibhinn di. É ag teannadh isteach go mín lena corp. Ar a cosa a bhí sé fós ag féachaint. Bheir sí air an uair seo.

‘Seo duit na heochracha. Tá tuilleadh caife ann, é déanta agam anois díreach.’

Rudaí nár ghá a lua a bhí anois á rá. Níor éirigh léi teacht timpeall ar na cúrsaí eile. Sheas sé agus d’aimsigh toitín, é fós ag baint lán na súl aisti.

‘Bead déanach. Ná fan liom.’

‘An mbíonn tú fós ag obair i dtábhairne?’

‘Bíonn. An Vamping. Ná cím ann tú.’

Ba chuimhin leis an Vamping, laistíos den tráigh, Plage des Catalans. É déanta suas i stíl dhochreidte Scorsese. An t-amhránaí agus an banna laistiar de sheastáin a bhíodh soilseach drithleach. Tango, boléro, cha-cha, mambo....

‘Níorbh é sin a bhí i gceist agam.’

Bhain sí searradh as na guaillí.

‘Níor thuigeas riamh a mbíodh i gceist agat.’ Chuir sí bac ar an ábhar úd lena meangadh gáire. ‘Bhfuil tú chun cuairt a thabhairt ar Fabio?’

Bhí sé ag súil leis an gceist úd. Ceist a chuir sé air féin cheana ach dhíbir sé an smaoinemh. Póilín ab ea Fabio. D’fhéadfá a rá gur gearradh líne faoina n-óige, faoina gcairdeas. Fós féin, ba mhaith leis Fabio a fheiscint arís.

‘Níos déanaí. B’fhéidir é. Conas atá aige?’

‘Mar a bhí riamh. Ar nós sinn féin. Ar nós tú féin, ar nós Manu. Ar fán. Níor thuigeamar conas tabhairt faoin saol. Dá bhrí san, póilín nó gadaí...’

‘Bhís féin ceanúil air, nach fíor?’

‘Is fíor, bhí.’

Chorraigh an méid san é.

‘An bhfacaís arís é?’

‘Trí mhí ó shin.’

Bheir sí ar a mála agus ar sheaicéad bán líneadaigh. Níor stad sé ach ag féachaint uirthi.

‘Faoin pilliúr,’ ar sí ar deireadh. Ba léir gur thaitin léi an gheit a baineadh as. ‘Tá an chuid eile i dtarraiceán sa chófra.’

Bhailigh sí léi gan a thuilleadh a rá. D’ardaigh sé an pilliúr. An 9mm a bhí ann. An ceann a sheol sé chuig Lole, sa phost mear, sular fhág sé Páras. Bhí gach aon métro, gach aon stáisiún, ag cur thar maoil le póilíní. Bhí rún ag Poblacht na Fraince an tír a ghlanadh suas. Cosc ar imirce. Aisling nua na Fraince. Níor theastaigh uaidh dul sa tseans ar eagla seiceála. Is cinnte nárbh é sin a bhí uaidh. Níorbh é agus páipéir bhréige aitheantais ina phóca aige.

An piostal. Bronntanas ó Manu agus é fiche bliain d’aois. Fiú amháin ag an bpointe san bhíodh Manu ag rámhailí. Níor scar sé riamh leis. Níor bhain sé úsáid as ach oiread. Ní mharaítear éinne mar sin. Fiú i gcás bagartha. Rud a tharlaíodh ar uairibh, anso is ansiúd. Thiocfá ar réiteach éigin i gcónaí. B’in an dearcadh a bhí aige. Agus bhí sé fós beo. Bhí an piostal ag teastáil uaidh inniu, áfach. Chun fear a mharú.

Go gairid tar éis a hocht a chlog. An bháisteach stopaithe agus, lasmuigh, bhí gaoth bhog isteach san aghaidh air. Bhí cith breá fada ar maidin aige. Bríste dubh cadáis anois air, póló dubh agus seaicéad deinime. Mocaisíní ar a chosa, gan stocaí. Bhrostaigh sé leis síos Rue de Panier.

Seo a cheantar féin, anso a rugadh é. Rue des Petits-Puits, dhá lána idir í agus an tigh inar saolaíodh Pierre Puget. Níorbh ansiúd a bhí a athair ar dtús ar theacht chun na Fraince dó,

ach ar Rue de la Charité. Ag teitheadh ó dhrochshaol Mussolini a bhí sé agus beirt deartháireacha ina theannta. *Nabos* ab ea iad, ó chathair Napoli. Bhí triúr eile acu tar éis scaoileadh faoin Airgintín. Dhéanadís jabanna nach ndéanfadh muintir na háite. Dugaire a bhí san athair, é ar bheagán pá. ‘Madraí an Ché’ a thugtaí ar a leithéidí, mar mhasla. Ceithre huairé déag in aghaidh an lae a chaitheadh a mháthair ag piocadh dátaí pailme. Um thráthnóna, thagadh *nabos* agus *babis*, lucht an Tuaiscirt, le chéile ar an tsráid. Tharraingítí cathaoireacha amach faoin aer. Fuinneoga ar leathadh agus comhrá anonn is anall. Nós na hIodáile. B’in é an saol.

Níor aithin sé an tigh inar tógadh é. É sin déanta suas chomh maith. Lean sé air. Ó Rue Baussenque a tháinig Manu. Áras tais gruama mar ar chuir a mháthair is a bheirt deartháireacha fúthu agus é fein fós á iompar aici. Lucht tacaíochta Franco, na *franquistes*, a chuir urchar san athair, José Manuel. Imircigh, ar deoraíocht. Bhaineadar amach an chúlsráid seo lá éigin. Pócaí folmha is croí lán de dhóchas. Déagóirí a bhí ann féin agus Manu nuair a lonnigh muintir Lole san áit. Sé bliana deag. B’in a deiridís leis na cailíní, ar aon nós.

Cúis náire ab ea cónaí sa Panier. Ón gcéad seo caite. Seo mar a mbíodh na mairnéalaigh, na striapaigh. Cancar ar an gcathair. An basár mór. Agus, i dtuairim na Naitsithe a bhí ag iarraidh an áit a scriosadh ar fad, ‘foinse mheath agus truailliú iarthar an domhain’. Náiríodh a athair is a mháthair. I lár na hoíche a tháinig an t-ordú díbeartha. An 24 Eanáir 1943. Fiche míle duine. D’éirigh leo cairt a aimsiú le cúpla rud a bhreith leo. Lámh láidir na Gendarmes agus arm na Fraince. Gearmánaigh ag fonóid fúthu. Bhrúadar an chairt rompu síos an Canebière, daoine a bhí ag dul ag obair ag féachaint orthu. Síneadh méire a bhí rompu ar scoil. Clann na bhfear oibre ó Belle-de-Mai, fiú amháin. Ní fada a mhair sé sin. Bhriseadar a

méara! Bhí a fhios mhaith acu, é féin agus Manu, go raibh boladh na taise uathu, óna gcorp, óna gcuid éadaigh. An chéad uair a phóg sé cailín, an boladh úd, bhí sé thiar sa scornach aici. Ach ba chuma leo. Bhíodar i ngrá leis an saol. Bhíodar álainn. Agus bhíodar breá ábalta troid.

Lean sé Rue de Refuge, chun dul síos arís. Bhí seisear *beurs*, déagóirí Arabacha, ag cadráil thíos faoi. In aice le móipéid. Cíortha cóirithe. Nua glan. Thógadar ceann de. Iad ar a seachaint féin. Bhain baol leis, duine nua timpeall. Póilín. Brathadóir. Nó duine a cheannaigh tigh agus é maisithe, dhéanfaí gearán le halla an bhaile faoi chontúirt ar an tsráid. Thiocfadh póilíní. Bheadh seiceáil ann, fairtheoireacht. Buillí, b’fhéidir. Trioblóid. Tháinig sé chomh fada leo. Chaith súil ar an té a mheas sé a bheith mar cheannaire orthu. Féachaint a bhí díreach, macánta. Gearr. Lean sé air. Gach éinne acu ina staic. Thuigeadar a chéile.

Shiúil sé trasna an Place de Lenche, í bánaithe. Lean sé air i dtreo an ché. Stop sé nuair a shroich sé bosca teileafóin. D’fhreagair Batisti.

‘Is mise cara Manu.’

‘Haló, a mhac. Bí sa Péano amárach, ólfaimid an *apéro*. Thart ar a haon. Ba dheas liom tú a fheiscint. Slán, a mhac.’

Chroch sé suas. Níorbh aon chabaire é Batisti. Níor éirigh leis a rá go mb’fhéarr leis áit éigin eile. Aon áit eile. Seachas an Péano. B’in tábhairne na bpéintéirí. Ba ansiúd a chroch Ambrogiani a shaothar in airde ar dtús. Lean dream eile é ina dhiaidh san, daoine a ndeachaigh sé i bhfeidhm orthu. Dream eile arís nach raibh ach ag déanamh lagaithrise air. Meascán de gach rud. Ba é tábhairne na n-iriseoirí leis é. Deoch í an Pastis a chruthaíonn nasc idir dhaoine. Istoíche, ach saothar na nuachtán a bheith thart, théití ag éisteacht le snagcheol sa chúlseomra. Petrucciani, athair is mac, a bhíodh ag seinnt ann.

Agus Aldo Romano. Ba mhinic a chaitheadh sé an oíche ann. É ag iarraidh a shaol féin a thuiscint. An oíche áirithe úd, Harry a bhí ar an bpianó.

‘Ní thuigimid ach na rudaí is mian linn,’ arsa Lole.

‘Gan dabht. Mise anois, tuigim go gcaithfead bailiú liom láithreach bonn.’

Tháinig Manu ar ais agus tuilleadh dí aige. D’imídís ó chomhaireamh tar éis meán oíche. Trí *scotch*, dúbailte. Shuigh sé is d’ardaigh an ghloine, miongháire air faoin gcroiméal.

‘Sláinte, na leannáin.’

‘Éist do bhéal anois,’ arsa Lole.

D’fhéach sé oraibh mar a bheadh dhá bheithíoch allta, ansan dhein dearmad oraibh agus d’éist leis an gceol. Bhí Lole ag féachaint ort. Chaithis siar an deoch go mall staidéartha. Bhí an cinneadh déanta. Bhís le himeacht. Sheasais agus shiúil amach, na cosa ag imeacht uait. Bhís ag imeacht. Bhailís leat. Gan fiú amháin focal a rá le Manu, an t-aon chara a bhí fágtha agat. Gan focal a rá le Lole, agus í anois fiche bliain d’aois. Thugais grá di. Thug an bheirt agaibh grá di. Caireo, Djibouti, Áidin, Harar. Turas déagóra spadánta. Deireadh go deo le soineantacht. An Áise ansan, agus na haislingí go léir ar fán. Agus barántas gafa idirnáisiúnta ort, as mangaireacht a dhéanamh ar shaothar ealaíne.

Ar son Manu a d’fhillis ar Marseille. Chun díoltas a imirt ar an mbastard a mharaigh é. Ag teacht amach as Chez Felix a bhí sé, bistró ar Rue Caisserie mar a mbíodh lón aige i lár an lae. Bhí Lole i Maidrid lena máthair, ag feitheamh air. Bhí sé chun mám bhreá airgid a dhéanamh ar son buirgléireacht gan cháim a chur i gcrích. Tigh dlíodóra mhóir in Marseille, Eric Brunel, Boulevard Longchamp. Bhí rún acu imeacht go Sevilla. Dearmad glan a dhéanamh ar Marseille, ar an obair ghránna ar fad.

Ní i ndiaidh an té a dhein an drochghnámh a bhís. Dúnmarfóir ar a phá, gan dabht. Gan ainm. Ó Lyon b’fhéidir, nó ó Milano. Ní thiocfá suas leis siúd go deo. Ar thóir an bhrocamaís a d’fhostaigh é a bhís. Manu a mharú. Ní raibh aon mhíniú ag teastáil uait. Ná fios fátha an scéil. Fáth dá laghad. Manu, díreach mar a bheifeá féin ann.

An ghrian a dhúisigh é. A naoi a chlog. D’fhan sé ina luí ar a dhroim agus chaith an chéad toitín. Bhí roinnt míonna ann ó chodail sé chomh sámh san. É de shíor ag taibhreamh go raibh sé in áit éigin eile seachas an áit a mbíodh sé. I dtigh striapachais in Harar. I bpríosún in Tijuana. Ar an traein luais idir an Róimh agus Páras. I ngach aon áit. Ach áit éigin eile a bhíodh i gcónaí ann. Aréir, áfach, bhraith sé go raibh sé ina chodladh in árasán Lole. Agus is ansan a bhí sé. Mar a bheadh sé sa bhaile. Bhí meangadh gáire anois air. Ar éigin a chuala sé í ag teacht isteach, ag dúnadh doras an tseomra. Bráillíní gorma a bhí aici sa taibhreamh briste. Bhíodh blúire ar lár i gcónaí. Murarbh é féin a bhíodh ar lár. Ach bhí sé tar éis an smaoinreamh úd a ruaigeadh fadó riamh. Aontaíodh gurbh amhlaidh ab fhearr. Fiche bliain anois, agus é tar éis glacadh leis.

D’éirigh sé, d’ullmhaigh an caife agus chuaigh faoin gcith. Faoin uisce te. Bhraith sé an-mhaith cheana féin. Na súile dúnta aige faoin scaird. Shamhlaigh sé Lole ag teacht isteach chuige. Mar a thagadh tráth agus í ag teannadh leis. Na baill ghiniúna buailte lena chéile. A lámha ag cuimilt a dhroma, a thóna. Bhí éirí ag teacht air. Scread sé agus chas an t-uisce fuar.

Chuir Lole diosca luath de chuid Azuquita ar siúl. Thaitin na rudaí céanna léi fós. Chuir sé gothaí éigin damhsa air féin is bhain miongháire aisti. Bhog sí chuige lena phógadh. Sa ghluaiseacht, nochtadh a dhá cíoch. Mar a bheadh dhá phiorra, réidh le piocadh. Níor iompaigh sé na súile láithreach bonn.

Iad ag féachaint sna súile ar a chéile. Sheas sí, d'fháisc an crios i gceart ar a róba agus bhailigh léi isteach sa chistin. Iompar suarach uaidh féin, dar leis. B'fhada leis go bhfillfeadh sí. D'fhill, ar deireadh, agus dhá chaife aici.

'Bhí fear ag cur do thuairisce aréir, ag fiafraí an rabhais thart. Cara leat darb ainm Malabe. Franckie Malabe.'

Ní raibh aithne aige ar aon Malabe. Póilín? Brathadóir, gan dabht. Níor thaitin sé sin leis, Lole á ceistiú mar sin. É sin ráite, áfach, tugadh faoiseamh éigin dó. Ba léir fios a bheith ag gardaí an chustaim go raibh sé sa Fhrainc, ach ní raibh a fhios acu cá raibh sé. Bhí roinnt ama fós aige. Dhá lá, b'fhéidir. Bhraith an t-iomlán ar a bheadh le díol ag Batisti.

'Cad a thug anso tú?'

Bheir sé ar a sheaicéad. Thar aon ní eile ná tabhair freagra. Ná bac go deo le ceist a fhreagairt. Ní bheadh sé ábalta bréag a insint di. Ní anois. Ní fhéadfadh sé an fáth a mhíniú. Díreach mar a bhí air imeacht fadó gan aon mhíniú a thabhairt. Ní bhíodh aon fhreagra riamh aige ar a cuid ceisteanna. Ní bhíodh aici ach na ceisteanna. Ceisteanna nár freagraíodh riamh. Thuig sé féin an méid san, b'in a raibh faoi. Rud beag ann féin, ach é níos daingne ná an creideamh i nDia.

'Déan dearmad ar an gceist.'

Laistiar de, d'oscail sí an doras agus bhéic os ard:

'Beag an mhaith a dhein sé dom, gan a bheith ag cur ceisteanna.'

Ní raibh carrchlós dhá stór le feiscint a thuilleadh ar Cours d'Estienne-d'Orves. San áit a mbíodh báid feadh na canála bhí cearnóg álainn. Deineadh athchóiriú ar na tithe, iad péinteáilte. Leagadh pábháil os a gcomhair mar a bhíonn san Iodáil. Lasmuigh de gach tábhairne agus bialann bhí spás deas chun suite. Boird bhána agus scáthláiín ghréine. Nós na hIodáile, a

bheith os comhair an tsaoil, ach gan an ghrástúlacht chéanna anso. Spás os comhair an Péano leis, é lán. Dream óg den gcuid is mó. Iad néata glan. An áit laistigh déanta suas. Maisiú fuar faiseanta. Ní raibh ach macasamhla in áit na bpictiúirí. Truflais. B'fhéidir gur oir sé sin dó. D'fhéadfadh sé céim siar a thógaint ó na cuimhní.

Shuigh sé in airde ag an gcuntar. D'ordaigh Pastis. Bhí lánúin sa seomra. Striapach agus a máistir. Ach d'fhéadfadh dul amú a bheith air. Iad ag caint os íseal. Comhrá bríomhar ar siúl acu. Leag sé uillinn ar an tsinc nua is d'fhan ag faire ar an doras.

Níor tháinig éinne ar feadh tamaillín. D'ordaigh sé Pastis eile. Chuala sé mallacht, 'Cunús'. Glór géar. D'fhéach a raibh i láthair ar an mbeirt acu. Ciúnas. Rith an bhean amach an doras. D'éirigh an fear, leag síos nóta caoga franc agus d'imigh ina diaidh.

Bhí fear lasmuigh den doras a d'fhill an nuachtán a bhí á léamh aige. É an trí fichid, nó mar sin. Caipín mairnéalaigh ar a cheann aige. Bríste gorm cadáis, léine bhán ar mhuinchillí gearra anuas ar an mbríste aige. Cuaráin chanbháis ghorma. D'éirigh Batisti agus shiúil chuige.

Chaith sé an iarnóin ag brath na háite dó féin. Bhí cónaí ar Monsieur Charles, mar a thugtaí air i ndomhan na coiriúlachta, i gceann de na tithe galánta a bhí crochta os cionn an Corniche. Tithe móra millteacha, stuaiceanna nó colúin ar a mbarr. Gairdíní pailme, labhrais agus fige. D'fhág sé Roucas-Blanc, sráid a lúb tríd an gcnocán beag. Ní raibh ina dhiaidh san ach gréasán conairí. Is ar éigin a bhí an tarra féin ar chuid díobh. Ar bhus a tháinig sé, an 55, go dtí Place des Pilotes ar bharr an chnoic dheiridh. Lean sé air de shiúl na gcos.

Ag féachaint síos ar an gcuan a bhí sé. Ón Estaque go dtí

an Pointe-Rouge. Oileáin Frioul agus Château d'If. B'in cineamascóp Marseille. Fíorálainn. Thug sé faoin gcnoc suas ar aghaidh na farraige. Níor fhan ach dhá theach anois idir é agus ceann Zucca. D'fhéach sé ar a uaireadóir. 16.58. Osclaíodh geataí an tí. Chonaic sé Mercedes dubh ag páirceáil. D'imigh sé thar an tigh agus an Mercedes agus lean air chomh fada le Rue des Espérettes a ghearrann an bealach trí Roucas-Blanc. Chuaigh sé sall. Ní raibh stad an bhus ach cúpla slat uaidh. De réir an amchláir, thagadh an 55 ar 17.05. Sheiceáil sé an t-am arís agus sheas ansan ag fanacht, a dhroim leis an gcuaile bus.

Chúlaigh an Mercedes feadh an chosáin agus stad ansan. Beirt a bhí istigh ann, duine acu ag tiomáint. Chonaic sé Zucca. Caithfidh go raibh sé seachtó bliain d'aois ar a laghad. É gléasta go slachtmhar, mar is dual do na seanchoirpigh. Fiú amháin an hata tuí féin air. Púdál bán ar iall aige. Ghabh sé chomh fada le trasnán coisithe Rue des Esperettes, an maidrín amach roimhe. Stad sé ansan. Tháinig an bus. Chuaigh Zucca trasna an bhóthair go taobh na fothana. Lean sé air thar stad an bhus agus síos Roucas-Blanc. Ghluais an Mercedes ar luas an tslimide.

B'fhiú go mór an caoga míle franc ar an méid a bhí scríofa ag Batisti dó. Bhí gach aon mhionphointe go cruinn ceart aige. Gan an rud is lú ar lár. Shiúladh Zucca an bealach úd gach lá ach amháin Dé Domhnaigh, nuair a thagadh a chlann ar cuairt. Ar a sé a chlog thagadh an Mercedes ar ais ag triall air. Ach ní raibh a fhios ag Batisti cad a d'éirigh idir Zucca agus Manu. Ní raibh eolas dá laghad aige maidir leis sin. Caithfidh gur bhain sé leis an gcreachadh a deineadh ar thigh an dlíodóra. B'in a bhí á rá aige leis féin. Ach, i ndáiríre, ba róchuma leis. Ar Zucca a bhí sé dírithe. Ar Monsieur Charles.

Bhí an ghráin shaolta aige ar a leithéid de sheanchoirpeach. Póilíní is breithiúna faoi bhois an chait acu. Ní bheirtí riamh orthu. Iad bródúil, maíteach. Bhí dreach ar Zucca mar a bhí

ar Brando in *The Godfather*. An dreach céanna orthu go léir. Anso, in Palermo, in Chicago. In áiteanna eile, i ngach aon áit. Agus anois bhí sé féin ag díriú ar dhuine acu. Bhí sé chun duine acu a mharú. Ar son an chairdis. Agus chun greim a ghráin féin a scaoileadh.

Ag póirseáil trí ghiurléidí Lole a bhí sé. Na tarraiceáin, na cófraí. Bhí sé beagáinín súgach nuair a tháinig sé isteach. Ní raibh aon rud á lorg aige. Amhail is go raibh sé ábalta teacht ar rún éigin. Faoi Lole. Faoi Manu. Ach ní raibh faic ann roimhe. Bhí an saol éalaithe idir na méara orthu, níos tapúla ná an t-airgead féin.

Tháinig sé ar charn grianghraf. Níor fhan acu ach an méid san. Bhí déistin air. Ba bheag nár chaith sé an t-iomlán sa bhruscar. Ach bhí na trí cinn úd ann. Trí cinn mar a chéile. Ag an am céanna, san áit chéanna. É féin agus Manu. Lole agus Manu. É féin agus Lole. Ag ceann an ché mhóir a tógadh iad, laistiar den gcaladh tráchtála. Chun dul ansiúd níor mhór sleamhnú thar na gardaí airdeallacha. Bhídís go maith chuige, ba chuimhin leis. An chathair laistiar díobh. Na hoileáin mar chúlra. Bhíobhair tar éis a bheith san uisce. As anáil, sona sásta. Bhaineabhair lán na súl as na báid ag gluaiseacht leo le luí na gréine. Bhí Lole ag léamh os ard as *Exil* le Saint-John Perse. *Mílístí na gaoithe sa ghaineamh deoraíochta*. Bheiris greim láimhe ar Lole ar an tslí ar ais. Bhí sé de mhisneach ionatsa. Ní raibh i Manu.

D'fhágabhair Manu sa Bar du Lenche an tráthnóna san. Bhí gach rud ina chostí. Deireadh le gáire. Gan focal á rá. An triúr agaibh ansan in bhur dtost ag ól Pastis. Bhí an dúil tar éis teacht idir tusa agus Manu. Lá arna mhárach chaitheabhair dul ag triall air sa bheairic. Ansiúd a thug sé an oíche tar éis é a bheith sáite i dtroid le beirt Légionnaires. Bhí súil amháin

dúnta air. A bhéal ataithe. Liopa gearrtha aige. É brúite basctha ó bhun go barr.

‘Fuaireas an ceann is fearr ar bheirt acu! I ndáiríre!’

Phóg Lole a éadan. D’fháisc sé chuige í agus chrom ar ghol.

‘Mallacht air, tá sé ródhian,’ a dúirt sé.

Mar sin a thit a chodladh air, ar ghlúine Lole.

Dhúisigh Lole é ar a sé a chlog. Bhí codladh an-sámh ar fad déanta aige ach bhraith se coirt ar a theanga. Líon boladh an chaife an seomra. Bhí Lole ina suí ar chiumhais na leapa. Bhí lámh leagtha ar a ghualainn aici. Phóg sí ar an éadan ar dtús é, ansan ar na beola. Póg mhín shéimh. Má bhí sonas ar an saol seo, bhí sé sona ag bpointe san.

‘Bhí dearmad déanta agam.’

‘Más fíor san, bailigh leat láithreach bonn!’

Shín sí chuige an caife agus sheas chun a ceann féin a thógáil. Bhí miongháire ar a haghaidh. Í sasta. Bhí an dólás ina luí go fóill.

‘Níl tú ag iarraidh suí, mar a bhí anois díreach?’

‘An caife...’

‘B’fhearr leat seasamh, tá a fhios agam.’

Bhí miongháire fós ar a haghaidh. Ní bheadh a sháith go deo aige den aoibh úd, dá béal. Bhí na súile gafa i ngreim ionat, loinnir iontu díreach mar a bhí an oíche úd. Bhainis an t-léine di. Ansan do léine féin. An dá bholg fáiscthe ar a chéile agus sibh araon in bhur dtost. Ach amháin an t-análú. Agus ise ag cur na súile tríot i gcónaí.

‘Ní imeoidh tú go deo uaim?’

Thugais an leabhar.

Ach d’imigh. D’fhan Manu. Agus d’fhan Lole leis. Ach b’fhéidir gur fhan Manu toisc go raibh gá le duine éigin chun aire a thabhairt do Lole. Agus níor lean Lole tú toisc nach

mbeadh sé ceart Manu a thréigint. Rith na smaointe san leis ó cailleadh Manu. Mar bhí air filleadh. Agus d’fhill. Bhí Marseille ag teacht aníos sa scornach aige. Agus Lole, mar a bheadh iarbhas.

Bhí súile Lole níos gile, na deora á gcosc aici. Bhraith sí go raibh beart éigin ar bun aige. Agus go mbeadh athrú dá réir ar a saol féin. Bhí sí á thuar san tar éis sochraid Manu nuair a chaith sí tamall le Fabio. Bhraith sí an méid san. Bhí sí go maith leis ag brath tragóide. Ach ní déarfadh sí tada. É siúd a chaithfeadh labhairt faoi.

D’aimsigh sé an clúdach donn a bhí taobh leis.

‘Ticéad go Páras atá anso. Inniu. An TGV ar 13.54. Ticéad bagáiste atá sa cheann seo. Gare de Lyon. Ticéad bagáiste eile é seo, ach sa Gare Montparnasse. Gheobhaidh tú dhá mhála, céad míle franc an ceann iontu, thíos faoi sheanbhalcaisí. Seo cárta poist ó bhialann an-bhrea in Port-Mer, gar do Cancale sa Bhriotáin. Tá uimhir Marine ar chúl. Déan teagmháil léi. Féadfaidh tú aon rud a iarraidh uirthi ach ná déan aon mhargáil léi. Chuireas seomra in áirithe duit in Hôtel Marroniers, Rue Jacob. D’ainm féin atá air. Cúig oíche. Beidh litir romhat ag an bhfáiltiú.’

Níor chorraigh sí. Í chomh righin le gad. A héadan gan bhrí. Gan faic na ngrást le léamh air.

‘An bhfuil cead cainte in aon chor agamsa sa scéal?’

‘Níl.’

‘An é sin a bhfuil le rá agat liom?’

A raibh le rá aige, thógfadh sé na cianta. D’fhéadfaí é a rá in aon abairt amháin. Tá aiféala orm. Táim i ngrá leat. Ach ní raibh an t-am chuige. Nó ba chirt a rá go raibh an t-am tar éis breith suas leo. Bhí an todhchaí laistiar díobh. Ní raibh ach na cuimhní rompu. Agus an cathú. D’fhéach sé uirthi agus é ag iarraidh a bheith fuarchúiseach.

‘Tóg gach pingin atá agat amach as do chuntas. Strac suas an cárta gorm agus an seicleabhar. Glac malairt aitheantais chugat féin chomh tapaidh agus is féidir. Socróidh Marine an méid san duit.’

‘Agus tusa?’ ar sise le dua.

‘Glaofad ort maidin amárach.’

D’fhéach sé ar an gclog agus sheas suas. Isteach leis sa seomra folctha gan féachaint uirthi. Chuir sé an laiste ar an doras ina dhiaidh. Níor theastaigh uaidh go leanfadh Lole é isteach faoin gcith. Níor thaitin sé leis é féin a fheiscint sa scáthán. Bhraith sé críonna. Níor fhan aon gháire a thuilleadh ann. Bhí roc searbhais, nach nglanfaí go deo, tagtha air in aice a bhéil. Bhí daichead a cúig bliain slánaithe anois aige agus ba é seo an lá ab uafásaí a bhí riamh aige.

Chuala sé an chéad chorda de ‘Entre dos Aguas’ ar an ngiotár. Paco de Lucia. Bhí Lole tar éis an fhuaim a ardú. Os comhair an tseinnteora a bhí sí. Toitín á chaitheamh aici, na géaga fillte.

‘Tá an t-uaigneas ag breith ort.’

‘Damnú ort.’

Rug sé ar an bpiostal agus lódáil sé é. Shocraigh sé an greamaire sábhála agus sháigh an piostal faoina dhroim, idir léine is bríste. Bhí sí tar éis casadh agus í ag faire ar a raibh ar siúl aige.

‘Brostaigh ort. Níor mhaith liom go gcaillfeá an traein.’

‘Cad atá fút a dhéanamh?’

‘Slad. Is dóigh liom.’

Chas inneall na móipéide go mall. Fadhb dá laghad leis. 16.51. Rue des Esperettes, thíos faoi theach Charles Zucca. Bhí sé meirbh. Bhí brat allais ar a dhroim. Bhí deifir air a bheith réidh leis.

Chaith sé an mhaidin ar fad ag lorg na *beurs*. Bhídís de

shíor ag aistriú ó shráid go chéile. B’in an nós a bhí acu. Ní raibh aon mhaitheas ann ach caithfidh go raibh a gcúiseanna féin acu. Tháinig sé orthu ar Rue Fontaine-de-Caylus a bhí anois ina cearnóg, crainn agus binsí ann. Ní raibh ann ach iad. Ní thagadh éinne chun suí ansiúd. B’fhearr le muintir na háite a bheith os comhair an dorais. Bhí an chuid ba shine acu ina suí ar chéimeanna lasmuigh de thigh, na leaideanna eile ina seasamh. An mhóipéid acu. Ar a fheiscint dó, sheas an ceannaire agus dhruid an chuid eile siar uaidh.

‘Tá do mheaisín ag teastáil uaim tar éis lóin. Go dtí a sé a chlog. Dhá mhíle, airgead síos.’

É ag faire go himníoch ar an gcomharsanacht. Bhí sé ag brath ar gan éinne a bheith ag feitheamh ar an mbus. Dá dtiocfadh éinne d’éireodh sé as. Dá mbeadh éinne ag tuirlingt bheadh sé ródhéanach nuair a bheadh a fhios san aige. Bhí baol ann. Bheartaigh sé ar dhul sa seans. Ansan cheap sé go mbeadh sé chomh maith aige dul sa seans eile leis. Chrom sé ar an achar ama a chomhaireamh. Stadann an bus. Osclaítear an doras. Isteach leis an bpaisinéir. Ar aghaidh leis an mbus. Ceithre nóiméad. Ní hea, inné níor thóg sé ach trí nóiméad. Abair ceithre nóiméad, mar san féin. Bheadh Zucca anall cheana féin. Ní bheadh. Chífeadh sé an mhóipéid agus scaoilfeadh leis. Dhíbir sé gach rud eile as a cheann agus é ag comhaireamh arís agus arís eile. Sea, d’fhéadfadh sé tarlú. Agus ina dhiaidh san bheadh sé ina chogadh. 16.59.

D’ísligh sé an scáthlán ar an gclogad, an gunna ina lámh aige. Bhí a dhá lámh tirim. Is ar éigin a bhog sé in aice an chosáin. A lámh chlé dúnta ar an stiúradh. Tháinig an púdál agus Zucca ina dhiaidh. Chuaigh an fuacht de sciúird go smior ann. Chonaic Zucca ag teacht é. Stad sé ar chiumhais an chosáin, ag coimeád siar an mhadra. Bhí sé ródhéanach nuair a thuig sé. A bhéal leata aige ach gan gíog as. Bolgshúile air.

Sceimhle. Ní shásódh faic eile ach seo. Go gcaca sé ina bhríste. Tharraing sé an trucear. Déistin air. Leis féin. Leis siúd. Leis na fir. Leis an gcine daona. Scaoil sé a raibh sa ghunna isteach ina chliabhchrach.

Léim inneall an Mercedes os comhair an tí. Bhí an bus ag teacht ar dheis agus chuaigh sé thar an stad gan moilliú. Luigh sé ar an gcumhacht, ghearr trasna ar an mbus agus chuaigh thart timpeall air. Bhí air dul in airde ar an gcasán ach d'éirigh leis. Stop an bus i lár an bhóthair agus d'fhág an Mercedes sáinnithe. Ghéaraigh sé ar luas an ghluaisrothair agus chas ar chlé. Ar chlé arís ar Rue Souvenir agus ansan ar Rue des Roses. Ar Rue des Bois-Sacrés chaith sé an piostal síos píobán séarachais. Cúpla nóiméad ina dhiaidh san bhí sé ag bogadh leis go socair síos Rue d'Endoume.

Is ansan a chas sé ar smaoineamh ar Lole. Iad ar aghaidh a chéile. Ní raibh faic eile le rá. Shantaís a bolg ag luí ort. Blas a coirp. A boladh féin. Mismín agus basal. Ach bhí an iomarca blianta eadraibh agus an iomarca tosta. Agus Manu. É marbh ach fós ina bheatha. Ní raibh eadraibh ach caoga ceintiméadar. Dá mbogfá, ní raibh le déanamh ach do lámh a chur timpeall uirthi agus í a mhealladh chugat. D'fhéadfadh sí crios an róba a scaoileadh. Tú a dhalladh le háilleacht a coirp. Thógfá go fíochmhar í, le dúil gan sásamh. Agus ansan, as a aithle san. Chaithfí teacht ar na focail. Focail nach mbeadh agat. Bheadh sí cailte agat go deo ar deireadh. D'imís gan slán a rá. Gan aon phóg. Uair amháin eile.

Bhí sé ar crith. Stop sé os comhair an chéad bistró ar Boulevard de la Corderie. Chuir sé an glas ar an slabhra gan smaoineamh agus bhain de an clogad. D'ól sé branda. Bhraith sé an dó ag réabhadh tríd síos. D'éirigh an fuacht ina chreathán aníos arís. Bhí sé ag cur allais. Chuaigh sé go dtí an leithreas chun urlacan a dhéanamh. D'aisig sé a ghníomhartha agus a

smoainte. D'aisig sé é féin mar a bhí. É siúd a thréig Manu. É siúd nach raibh sé de mhisneach aige grá a thabhairt do Lole. Duine ar fuaidreamh le fada an lá, rófhada. Bhí an rud ba mheasa fós le teacht, gan dabht. Tháinig deireadh leis an gcreathán tar éis an tarna branda. Bhí sé istigh leis féin arís.

Pháirceáil sé ar Fontaine-de-Caylus. Ní raibh aon radharc ar na *beurs*. Bhí sé 18.30 anois agus bhí iontas air. Bhain sé an clogad agus chroch ar an rothar é ach níor mhúch sé an t-inneall. Tháinig an duine ab óige agus liathróid á ciceáil amach roimhe. Rith sé chuige.

'Scaoil faoi, táid ag teacht. Táid ag seiceáil timpeall tí do chailín.'

Ar aghaidh leis suas an chúlsráid arís. Caithfidh go rabhthas ag faire ar na lánaí go léir. Montée-des-Accoules, Montée-Saint-Esprit, Traverse des Repenties. Place de Lenche, gan dabht. Níor rith sé leis a fhiafraí de Lole ar tháinig Franckie Malabe ar ais. Seans go bhféadfadh sé éalú ó Rue des Cartiers in airde. D'fhág sé an mhóipéid agus rith síos na céimeanna. Bhí beirt thíos roimhe ag bun na gcéimeanna, póilíní óga i ngnáthéadaí.

'Póilíní!'

Chuala sé an bonnán a bhí sa tsráid os a chionn. É gafa. Doirsí á bplabhadh. Bhíodar chuige. An cluiche cailte.

'Ná corraigh!'

Ní raibh an tarna rogha aige. Chuir sé a lámh de rúid faoina sheaicéad. Chaithfí é a chríochnú. Gan a bheith de shíor ar a theitheadh. Bhí sé ansiúd. Sa bhaile. Ar a charn aoiligh féin. Maith mar a tharla anso, Marseille, ar deireadh thiar. Thug sé aghaidh ar an mbeirt óg a bhí thíos uaidh. Laistiar de, níor léir dóibh nach raibh gunna aige. Réab an chéad philéar a dhroim. Phléasc a scamhóg. Níor bhraith sé an dá philéar eile.